V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10646 – Microsoft / Activision Blizzard)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 386/06)

1. An 30 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Microsoft Corporation ("**Microsoft**", SAM),

— Activision Blizzard, Inc. ("**Activision Blizzard**", SAM).

Gheobhaidh Microsoft rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Activision Blizzard ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Microsoft: cuideachta domhanda teicneolaíochta a sholáthraíonn réimse leathan táirgí agus seirbhísí do chustaiméirí trí na deighleoga oibriúcháin seo a leanas: Táirgiúlacht agus Próisis Ghnó; An Néal Cliste; agus Ríomhaireacht Níos Pearsanta. Trína Ghnó Cluichíochta, tá Microsoft gníomhach mar fhorbróir agus foilsitheoir cluichí le haghaidh ríomhairí pearsanta ("**PCanna**"), consóil cluichí agus gairis mhóibíleacha agus tá sé gníomhach mar dháileoir cluichí le haghaidh PCanna agus consól. Thairis sin, cuireann Microsoft consól cluichí Xbox agus seirbhísí gaolmhara ar fáil;

— i gcás Activision Blizzard: forbróir agus foilsitheoir cluichí le haghaidh PCanna, consóil cluichí agus gairis mhóibíleacha agus dáileoir cluichí le haghaidh PCanna.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10646 – Microsoft / Activision Blizzard

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").